



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2023
(OR. en)

15003/23

Comhad Idirinstiúideach:
2023/0393(COD)

SOC 736
ANTIDISCRIM 180
MIGR 372
FREMP 313
TRANS 473
SPORT 44
CULT 144
CODEC 2039

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	31 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 698 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leathnaítear Treoir [XXXX] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 698 final.

Faoi iamh: COM(2023) 698 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 31.10.2023
COM(2023) 698 final

2023/0393 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leathnaítear Treoir [XXXX] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas an 6 Meán Fómhair 2023¹.

Bunaítear leis an togra seo creat, rialacha agus comhchoinníollacha na gcártaí sin do dhaoine faoi mhíchumas nuair a bhíonn siad ag gluaiseacht nó ag taisteal chuig Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr. Airítear leis an togra seo samhail choiteann chaighdeánaithe, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais aitheanta agus le haghaidh an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas ar a gceart aitheanta chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas.

Trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt don dá chárta sin sna Ballstáit uile, ar cártaí iad atá thuasluaite, ba cheart go mbeadh sé níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas (nó dóibh siúd atá in éineacht leo nó a thugann aire dóibh), agus iad ag gluaiseacht nó ag taisteal chuig Ballstát eile, tairbhe a bhaint as na coinníollacha speisialta agus/nó an chóir fhabhrach a chuireann oibreoírí príobháideacha nó údarais phoiblí ar fáil agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, i réimsí beartais éagsúla, amhail cultúr, fóillíocht, turasóireacht, spórt, iompar poiblí agus príobháideach, agus oideachas, chomh maith le rochtain a bheith acu ar dhálaí agus saoráidí páirceála a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin, ar bhonn comhionann do chónaitheoirí faoi mhíchumas a bhfuil aitheantas tugtha dóibh, agus ar an gcaoi sin cumhacht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas a gcearta saorghluaiseachta a fheidhmiú go héifeachtach ar fud an Aontais.

Agus na cuspóirí idirnasctha uile a bhaineann leis an tionscnaimh seo á gcur san áireamh, measadh go raibh sé níos leordhóthanaí agus níos oiriúnaí bunús dlí éagsúla, i.e. Airteagal 53(1) agus Airteagal 62, Airteagal 91 agus Airteagal 21(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a úsáid don togra dá dtagraítear thuas.

Mar sin féin, áirithítear tríd an mbunús dlí sin an cumhdach is leithne is féidir ar sheirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, i réimsí beartais éagsúla agus ní chumhdaíonn an bunús sin ach saoránaigh an Aontais agus a dteaghlaigh (cibé náisiúntacht atá acu) nuair a bhíonn a gceart saorghluaiseachta á fheidhmiú acu i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Dá bhrí sin, nuair a ghlacfar an togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, agus chun a áirithiú go gcaithfear le náisiúnaigh tríú tír ar bhonn comhionann le saoránaigh an Aontais, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ar intinn aige acht dlí ar leithligh a mholadh lena leathnófaí raon feidhme an togra sin chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin, ar náisiúnaigh iad a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá stádas míchumais, agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais².

Déantar obair leantach tríd an togra nua seo ar an rún sin agus tá sé mar chuspóir ag an togra a áirithiú go mbeidh feidhm ag an gceart céanna a leagtar síos sa togra le haghaidh Treorach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine

¹ COM(2023) 512 final

² Féach Meabhrán Míniúcháin, lch. 5.

faoi mhíchumas maidir leis na náisiúnaigh tríú tír sin atá faoi mhíchumas, nach bhfuil cumhdaithe faoin Treoir cheana, agus iad ag taisteal nó ag gluaiseacht go Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr. Dá bhrí sin, áireofar leis go mbeidh feidhm aige maidir leis na náisiúnaigh tríú tír sin atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit, a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá stádas míchumais, agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Trí raon feidhme an togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, agus atá faoi mhíchumas, nó tríd an raon feidhme sin a leathnú chuig na daoine a ghabhann leo nó a thugann air dóibh, áiríteofar go gcaithfear leo ar an mbealach céanna le saoránaigh an Aontais (agus lena dteaglaigh). Dá bhrí sin, beidh sé ina chúnaimh leis an ualach atá ar Bhallstáit a laghdú agus a n-oibleagáidí náisiúnta maidir le cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir le daoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach ar a gcríoch. Ag an am céanna, éascóidh an t-aitheantas frithpháirteach ar a stádas míchumais ar fud na mBallstát feidhmiú a gceart gluaiseacht nó taisteal laistigh den Aontais i gcomhréir le dlí an Aontais agus áiríteoidh sé rannpháirteacht níos éifeachtaí agus níos cuimsithí daoine faoi mhíchumais ar náisiúnaigh tríú tír iad i sochaí ina bhfuil na daoine sin ar chomhcheim le daoine eile.

Dá bhrí sin, nuair a bheidh náisiúnaigh tríú tír ag taisteal nó ag gluaiseacht go Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr, beidh (1) na cearta céanna acu, ar cearta iad a bheidh cumhdaithe faoin togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, maidir le hincháilitheacht agus eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas sa Bhallstát ina bhfuil siad ina gcónaí go dleathach, agus (2) beidh an rochtain chéanna ar bhonn comhionann acu ar dhálaí agus saoráidí páirceála, mar aon le (3) rochtain ar aon choinníoll speisialta nó cóir fhabhrach a chuireann oibreoirí príobháideacha nó údarais phoiblí ar fáil i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair.

I gcomhréir le hAirteagal 21(4) den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát gluaiseacht laistigh de chríocha na mBallstát eile faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Choinbhinsiún sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm don tionscnamh seo cúrsaí a dhéanamh níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas, ar náisiúnaigh tríú tír iad, atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit, a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá stádas míchumais, agus atá i dteideal bogadh nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, agus iad ag taisteal nó ag bogadh go Ballstát eile ar feadh gearrthréimhse (nó iad siúd a ghabhann leo nó a thugann cúnaimh dóibh), ionas go mbeidh siad in ann rochtain chomhionann a fháil ar dhálaí agus saoráidí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus tairbhe a bhaint as coinníollacha speisialta agus/nó cóir fhabhrach atá ar fáil nuair a bhíonn rochtain á fáil acu ar sheirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, faoi choinníollacha comhionanna do chónaitheoirí faoi mhíchumas, agus/nó dóibh siúd a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, **rud a éascaíonn feidhmiú a gceart chun gluaiseacht nó taisteal laistigh den Aontas, i gcomhréir le dlí an Aontais.**

Ós rud é nach féidir leis na náisiúnaigh tríú tír a bhfuil tagairt déanta dóibh thuas, a bheith curtha san áireamh nó cumhdaithe faoin togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, de bharr srianta dlíthiúla, áiríteofar leis an tionscnamh atá ann faoi láthair gur féidir na cearta agus na sochair chéanna atá ag saoránaigh an Aontais agus a dteaghlaigh (cibé náisiúntacht atá acu) mar a chumhdaítear faoin togra sin a dheonú do na náisiúnaigh tríú tír ar bhonn comhionann, a mhéid atá na náisiúnaigh tríú tír i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, agus iad ag taisteal nó ag gluaiseacht go Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr.

Ina theannta sin, tacóidh an togra leis an bPlean Gníomhaíochta um Imeachadh agus Cuimsiú 2021-2027³, ina dtugtar dá aire gur féidir le himircigh faoi mhíchumas aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla idirdhealaithe ina saol laethúil ar scoil, sa cheantar áitiúil agus ar an obair agus cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht ag baint lena riachtanais shonracha a chur san áireamh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Déantar foráil in Airteagal 79(2), pointe (b) CFAE maidir leis an mbunús dlí is gá chun an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit, a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá stádas míchumais, agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

De réir Phrótocal 21 atá i gceangal leis na Conarthaí, is féidir le hÉirinn fógra a thabhairt don Chomhairle, laistigh de thrí mhí tar éis togra nó tionscnamh a thíolacadh, nó tráth ar bith tar éis togra nó tionscnamh a ghlacadh, gur mian léi a bheith rannpháirteach in aon bheart beartaithe den sórt sin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. De réir Phrótocal 22 atá i gceangal leis na Conarthaí agus bunaithe ar an Airteagal seo, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh beart.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Urramaítear prionsabal na coimhdeachta go hiomlán leis an togra seo. Maidir le raon feidhme an togra a glacadh cheana le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, déantar an raon feidhme sin a leathnú chuig náisiúnaigh tríú tír, nach bhfuil cumhdaithe faoin Treoir cheana, ach atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal go Ballstát eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Mar a dhéantar leis an togra dá dtagraítear, ar togra é a chomhlánaítear leis an tionscnamh reatha seo, tá gné thrasteorann ag baint leis na fadhbanna a saináithníodh nach féidir leis na Ballstáit a réiteach gan chúnaimh, ach is féidir, de bharr mhéad agus éifeachtaí na gníomhaíochta, iad a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le beart ar leibhéal an Aontais.

• Comhréireacht

Maidir le prionsabal na comhréireachta, ní théann foirm agus ábhar an togra thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun a chuspóirí éagsúla idirnasctha a bhaint amach.

³ SWD(2020) 290 final

- **An rogha ionstraim**

I gcomhréir leis an mbunús dlí a sainithníodh, go háirithe Airteagal 79(2), pointe (b) CFAE, agus ós rud é go leathnaítear raon feidhme an togra a glacadh cheana le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, meastar gurb í Treoir an ionstraim oiriúnach, chomhréireach agus éifeachtach chun cuspóirí an tionscnaimh reatha a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas á n-ullmhú, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, chuathas i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara idirnáisiúnta agus náisiúnta agus páirtithe leasmhara de chuid an Aontais, mar atá (i) iad siúd a bhfuil leas acu san ábhar (e.g. údaráis náisiúnta phoiblí, soláthraithe seirbhíse, ENRanna); (ii) tairbhíthe ionchasacha an Chárta Míchumais Eorpaigh nó an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas (e.g., daoine faoi mhíchumas, cúntóirí pearsanta); agus (iii) saineolaithe (e.g., taighdeoirí, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí, eagraíochtaí idirnáisiúnta).

Áiríodh an méid seo a leanas sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara: (a) comhairliúchán poiblí, (b) agallaimh straitéiseacha agus (c) agallaimh spriocdhírthe, (d) suirbhéanna spriocdhírthe ar líne, (e) trí cheardlann ar líne, (f) sé fhócasghrúpa ar a raibh soláthraithe seirbhíse ó Bhallstáit roghnaithe agus (g) sé chás-staidéar. D'fhéadfadh páirtithe leasmhara barúlacha a sheoladh freisin maidir le glao (h) an Choimisiúin ar fhianaise.

A mhéid is féidir, cuirtear san áireamh sa togra seo an fhaisnéis agus na sonraí a bhailítear sa chomhthéacs sin⁴.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearna an Coimisiún aon mheasúnú tionchair sa bhreis don togra seo. Tá sé amhlaidh toisc go ndearnadh measúnú sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar na daoine faoi mhíchumas go léir san Aontas nuair a bhíonn siad ag taisteal chuig Ballstáit eile ar feadh tréimhsí gearra, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír. Dá bhrí sin, tá feidhm ag anailís agus torthaí an mheasúnaithe tionchair a ghabhann leis an togra dá dtagraítear agus tá siad ábhartha maidir leis an togra seo freisin.

Maidir leis an tionchar comhshaoil a bheidh ag roghanna beartais le chéile atá mar bhonn den togra le haghaidh Treorach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, measadh gur dócha go mbeadh sé neamhshuntasach ó thaobh méide de, agus go mbeadh tionchair dhearfacha theoranta dhigiteacha i gceist leis. Ní raibhtear ag súil ach oiread go mbeadh aon tionchar suntasach ag na roghanna beartais tosaíochta ar iomaíochas ná ar FBManna agus bheadh na costais riaracháin a bhfuiltear ag súil leo do ghnóilachtaí imeallach. Tá feidhm ag na measúnuithe sin maidir leis an tionscnamh reatha freisin.

⁴ Féach níos mó eolais an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, SWD(2023) 289.

- **Ceartha bunúsacha**

Meastar go mbeidh tionchair dhearfacha shóisialta agus tionchair dhearfacha láidre ag an togra maidir le ceartha bunúsacha a áirithiú laistigh den Aontas (go háirithe i ndáil le daoine faoi mhíchumas a lánpháirtíú agus deiseanna a éascú do náisiúnaigh tríú tír faoi mhíchumas taisteal nó gluaiseacht go Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha sa bhreis ag baint leis an togra do bhuiséad an Aontais. Mar atá ráite sa togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, baineann na haon chostais oibríochtúla le heagrú chruinnithe na gcoistí agus na ngrúpaí saineolaithe, chomh maith le tacaíocht do sheiceálacha ar bhearta náisiúnta trasuí, i.e. leithreasú oibríochtúil EUR 0.62 milliún faoin líne bhuiséid atá ann cheana, chomh maith le caiteachas riaracháin thart ar EUR 0.342 milliún in aghaidh na bliana. Is éard a bheidh i gceist leis an gcaiteachas sin athimlonnú inmheánach cistí gan aon mhéadú ar an méid. Ní thiocfaidh méadú tríd an togra reatha ar na méideanna a bhfuil tagairt déanta dóibh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon fhoráil sa togra seo maidir le pleananna cur chun feidhme agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe.

Mar sin féin, nuair a bheidh/má bheidh an togra seo agus an togra lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas formheasta, beidh ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún [laistigh de 6 mhí i ndiaidh a theacht i bhfeidhm] maidir leis an gcomhlacht (nó na comhlachtaí) a ainmneofar chun an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan agus a tharraingt siar, chomh maith leis na coinníollacha chun cártaí den sórt sin a eisiúint nó a dhearbhu go bhfuil na cártaí sin neamhbhailí.

Beidh ar na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá chun go dtarraingeoidh an Coimisiún suas a thuarascáil rialta freisin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach a chur in iúl don Choimisiún. I ndiaidh an togra seo a ghlacadh, ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin ag baint le daoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní éilítear leis an togra aon doiciméid mhíniúcháin chun é a thrasuí sa dlí náisiúnta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach cuspóir an togra in [Airteagal 1](#)

Foráiltear in [Airteagal 2](#) nach ndéanfar an togra seo a athrú ná ceartha nua a dheonú maidir le ceartha soghluaisteacht na náisiúnach tríú tír.

Tá an sainmhíniú ‘náisiúnach tríú tír’ chun críche an togra seo in [Airteagal 3](#).

Foráiltear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 go mbeidh an Treoir á trasú agus ag teacht i bhfeidhm, agus baineann Airteagal 6 leis na seolaithe.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leathnaítear Treoir [XXXX] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe b d'Airteagal 79(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun feidhmiú na gceart a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag gluaiseacht nó ag taisteal go Ballstát eile ar feadh tréimhse ghearr, le Treoir .../... [togra le haghaidh Treorach]⁷, bunaíodh an creat, na rialacha agus na coinníollacha comhchoiteanna, lena n-áirítear samhail choiteann chaighdeánaithe, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais a bhfuil aitheantas tugtha dó chun rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a chuireann oibreoírí príobháideacha nó údaráis phoiblí ar fáil i réimse leathan seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas go bhfuil aitheantas tugtha dá gceart chun dálaí páirceála agus saoráidí atá in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas⁸.
- (2) Chun cuidiú leis na Ballstáit a n-oibleagáidí náisiúnta maidir le cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a urramú agus a chomhlíonadh maidir le daoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach ar a gcríoch agus nach dtagann faoi raon feidhme Threoir [XXXX], agus chun aitheantas dá stádas míchumais ar fud na mBallstát a ráthú, agus feidhmiú a gceart maidir le gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais a éascú agus rannpháirtíocht agus cuimsiú níos éifeachtaí sa tsochaí a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad agus é sin a dhéanamh ar bhonn comhionann le saoránaigh an Aontais, is gá na rialacha, cearta agus oibleagáidí a leagtar síos i dTreoir.../... a leathnú chuig dhaoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad, atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch

⁵ IO C , , lch. .

⁶ IO C , , lch. .

⁷ COM(2023) 512 final

⁸ COM(2023) 512 final

Ballstáit, a bhfuil aitheantas tugtha ag an mBallstát sin dá stádas míchumais, agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

- (3) Dá bhrí sin, agus maidir leis na rialacha i ndáil le hincháilitheacht, eisiúint, athnuachan nó tarraingt siar, aitheantas frithpháirteach agus cosaint sonraí an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas go bhfuil stádas míchumais ag duine nó go bhfuil an ceart ag duine chun dálaí páirceála agus saoráidí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin, chomh maith le cearta tairbhíthe, lena n-áirítear rochtain chomhionann ar aon choinníoll speisialta nó cóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, nó coinníollacha páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta, atá leagtha amach i dTreoir ../..., déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh feidhm chomhionann acu maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach san Aontas agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (4) I gcomhréir le Caibidil 4 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme⁹, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát gluaiseacht nó taisteal gan bhac ar chríocha Ballstát eile faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Choinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, faoi acquis Schengen, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach ar chríocha na mBallstát gluaiseacht nó taisteal gan bhac ar chríocha gach Ballstát eile le linn tréimhse 90 lá in aon tréimhse 180 lá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21 den Choinbhinsiún sin.
- (5) Níor cheart tionchar a bheith ag an Treoir seo ar na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear soghluaisteacht ar fud an Aontais do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, ach ba cheart feidhmiú a gceart maidir le gluaiseacht nó taisteal a éascú má tá ceart soghluaiseachta den sórt sin acu cheana.
- (6) I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 4 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl **Éire** rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

[nó]

I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 4 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (TEU) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, tá fógra tugtha ag **Éirinn** [, le litir an ...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

⁹ Coinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 lena gcuirtear chun feidhme Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Poblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile, IO L 239, 22.9.2000, lch. 19., ELI: <http://data.europa.eu/eli/convention/2000/922/oj>.

- (7) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na **Danmhairge**, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (8) Maidir le cuspóir na Treorach seo, is é sin na deiseanna maidir le gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile a éascú do dhaoine faoi mhíchumas (nó dóibh siúd a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh), ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit é sin a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr mhéad nó éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbunaítear creat lena ngabhann rialacha agus coinníollacha coiteanna, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i [Treoir (AE) XXXXX] maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin a bhfuil a stádas míchumais agus/nó a gcearta maidir le dálaí páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin agus a bhfuil aitheantas tugtha dá stádas míchumais ag an mBallstát ina bhfuil siad ina gcónaí, agus maidir le daoine a ghabhann leo nó a thugann aire dóibh, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta de réir bhrí Airteagal 3 pointe (d) den Treoir sin.

Airteagal 2

Ní bheidh tionchar ag an Treoir seo ar na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear soghluaiseacht ar fud an Aontais do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch Ballstáit.

Airteagal 3

Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine nach saoránach de chuid an Aontais é de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE ná aon duine ó theaghlach de shaoránach de chuid an Aontais a fheidhmíonn a cheart saorghluaiseachta de réir bhrí Airteagal 2(2) agus Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE, agus atá ina chónaí go dleathach ar chríoch Ballstáit agus atá i dteideal gluaiseacht nó taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais.

Airteagal 4

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is déanaí is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin ll/mm/bb *[[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta thrasuí na Treorach a ghlacadh i nós imeachta 2023/0311 (COD)]]* ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ll/mm/bb [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta chur i bhfeidhm na Treorach a glacadh i nós imeachta 2023/0311 (COD)*].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an [fichiú] lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 6

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

CLÁR NA NÁBHAR

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN	Error! Bookmark not defined.
1. COMHTHÉACS AN TOGRA.....	Error! Bookmark not defined.
• Forais agus cuspóirí an togra	Error! Bookmark not defined.
• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana.....	Error! Bookmark not defined.
• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais.....	Error! Bookmark not defined.
2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT.....	Error! Bookmark not defined.
• Bunús dlí	Error! Bookmark not defined.
• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach).....	Error! Bookmark not defined.
• Comhréireacht	Error! Bookmark not defined.
• An rogha ionstraime	Error! Bookmark not defined.
3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR.....	Error! Bookmark not defined.
• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara	Error! Bookmark not defined.
• Measúnú tionchair	Error! Bookmark not defined.
• Cearta bunúsacha	Error! Bookmark not defined.
4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA	Error! Bookmark not defined.
5. EILIMINTÍ EILE	Error! Bookmark not defined.
• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe	Error! Bookmark not defined.
• Doiciméid mhíniúcháin (i gcás teoracha)	Error! Bookmark not defined.
• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra.....	Error! Bookmark not defined.
RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH	Error! Bookmark not defined.
1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	Error! Bookmark not defined.
1,1. Teideal an togra/tionscnaimh	Error! Bookmark not defined.
1,2. Réimsí beartais lena mbaineann.....	Error! Bookmark not defined.
1,3. Baineann an togra/tionscnaimh le:	Error! Bookmark not defined.
1,4. Cuspóirí.....	Error! Bookmark not defined.
1,4.1. Cuspóirí ginearálta	Error! Bookmark not defined.
1,4.2. Cuspóirí sonracha.....	Error! Bookmark not defined.
1,4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo	Error! Bookmark not defined.
1,4.4. Táscairí feidhmíochta.....	Error! Bookmark not defined.
1,5. Forais an togra/tionscnaimh	Error! Bookmark not defined.
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	Error! Bookmark not defined.

- 1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. **Error! Bookmark not defined.**
- 1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart **Error! Bookmark not defined.**
- 1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile **Error! Bookmark not defined.**
- 1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh **Error! Bookmark not defined.**
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh **Error! Bookmark not defined.**
- 1.7. An modh/na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme **Error! Bookmark not defined.**
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA **Error! Bookmark not defined.**
- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe **Error! Bookmark not defined.**
- 2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe **Error! Bookmark not defined.**
- 2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoiniúcháin, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe **Error! Bookmark not defined.**
- 2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú **Error! Bookmark not defined.**
- 2.2.3. Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) **Error! Bookmark not defined.**
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc **Error! Bookmark not defined.**
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH **Error! Bookmark not defined.**
- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid a ndéanfar difear dóibh **Error! Bookmark not defined.**
- 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe **Error! Bookmark not defined.**
- 3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí **Error! Bookmark not defined.**
- 3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí **Error! Bookmark not defined.**
- 3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin **Error! Bookmark not defined.**
- 3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach **Error! Bookmark not defined.**
